

❖ An Lúibín ❖

30 Meán Fómhair 2008

An teanga a bhíodh againn

Tá Gaeilge stairiúil na hAstráile múchta ag an aimsir; ar éigean atá cuimhne ag daoine ar í a bheith ann, ach amháin i measc scata a bhfuil suim ar leith acu sa scéal (agus d'áireofaí léitheoirí na nuachtlitreach seo orthu sin). Teanga í a d'éalaigh uainn gan tórramh. Tá pobal na tíre féin ag athrú ina ndealramh agus ina gcomhdhéanamh, a bhuíochas sin ar shruth malartach na hinimirce; tá éagsúlacht chultúir ag roinnt le saol na hAstráile anois ba dheacair a shamhlú tráth den saol, agus níl sa Ghaeilge, go fiú ó thaobh na staire de, ach guth amháin sa chabaireacht.

Tháinig os cionn 349,000 inimirceach ó Éirinn idir daichidí agus ochtóidí an 19ú haois, agus b'as Gaeltachtaí Chúige Mumhan dá bhformhór. Tá fianaise againn gur lean cuid mhaith acu orthu Gaeilge a labhairt anseo, agus go bhféadfadh an teanga dul ar aghaidh ó ghlúin go glúin i gcorrcheantar agus i gcorrtheaghlach. Tá a fhios againn (rud is furasta do staraithe a dhearmad) go raibh an teanga fite fuaite i saol agus i samhlaíocht na daoine sin, gur ghnáthchuid dá mbeatha í i lúb chuideachta, rud a thug siad leo dá mbuíochas.

Maireann an teanga agus cuimhne na teanga san Astráil ar dhá shlí: de bharr na tréan-iarrachta a dhéanamh scata daoine ar í a fhoghlaim agus a úsáid, agus de bharr scoláirí (idir phroifisiúnta agus amaitéaracha) a bheith ag bailiú chucu na staire leathdhearmadta. I dtaca le stair de, is é saothar an Ollaimh Patrick O'Farrell an tslat tomhais, agus tá a chuid tuairimí i dtaobh na teanga ina chnámh spairne i gcónaí; tá breis eolais againn anois, páipéir á léamh agus leabhair nua á bhfoilsíú. Is mó an tsuim atá ag staraithe éigin sa rian diamhair a bhí an Ghaeilge in ainm is a fhágáil ar aigne na ndaoine agus í imithe: lorg na coise sa deannach.

Ní féidir an Ghaeilge a shaothrú sa tír seo gan dul in aimhréidh i líon leathan na miotaseolaíochta a leanann an teanga i gcónaí agus ar iomaí lúb ann: an sí, an dán díreach, an púca sa pholl, Eibhlín Dhubh Ní Chonaill, cailleach an tseanchais sa chluíid, Foras na Gaeilge, an ghaelscoil is déanaí a d'oscail. Nílimid gan finscéalaíocht dár gcuid féin (daoránaigh, ceithearnaigh choille, scoláirí, agus Gaeilge acu go léir) ach is beag an stór é le hais ar lean ó Éirinn sinn. Is féidir a áiteamh nach bhfuil san fhiontar áitiúil ach cuid den mhiotas mór. Ní gá a rá gur deacair an mhiotaseolaíocht sin a scaradh ó cheann eile – an gréasán de chomharthaí cultúrtha a chum na hÉireannaigh dóibh féin i mBéarla.

Tá Astrálaigh ann agus deir siad le teann contráilteachta gur fiú an mhiotaseolaíocht oidhreachtúil a chur de dhroim seoil agus tosú as an nua: an Ghaeilge a dhéanamh dúchasach sa tír seo. Ach tháinig an teanga ó thír eile agus a cuid earraí léi, agus is earraí iad is deacair a chaitheamh i dtraipisí. Ní hé sin le rá go mbeidís ina mbac go deo orainn san fhiontar féinmheabhraitheach atá i gceist - gach gné den tír a athchruthú i nGaeilge. Seo féiniúlacht laistigh d'fhéiniúlacht eile, agus rómánsachas éigin ag roinnt léi. Is furasta Béarla a labhairt agus gan cuimhneamh ar Shasana, ach an féidir Gaeilge a labhairt gan cuimhneamh ar leagan éigin d'Éirinn? Déanaimis an teanga a úsáid de réir sholas, scáth agus chlaonadh na tíre féin.



Áiseanna

Advice can as to the latest goods and services available through Irish.

Is fiú súil a thabhairt ar cholún nua seachtainiúil le Seanán Ó Coistín ar *Lá Nua* (www.nuacht.com) san Earnáil Ghnó, agus é de chuspóir aige 'léitheoirí a chur ar an eolas maidir le hearraí agus le seirbhísí nua atá ar fáil i nGaeilge'. Léargas é ar nuachóiriú na teanga, agus is ábhar suime é gur fiú do lucht tráchtála freastal anois freastal ar ár leithéidí. (Tá *An Lúibín* i gcoinne na sainte, ach géillimid uaireanta don chaidéis.)

Cuireann an Coistíneach síos ar na háiseanna is déanaí atá ann don té a bhfuil guthán póca aige – na foclóirí Gaeilge is féidir a íoslódáil ó dhá chomhlacht dhifriúla: www.getthefocal.com agus www.teacs.ie (€5 araon in Éirinn).

Is breátha fós le mo dhuine an córas loingseoireacht satailíte atá le fáil ar www.nav4all.com. Comhlacht Ollannach a sholáthraíonn é; tá an chuid is mó den suíomh i nGaeilge, agus nuair a íoslódáiltear ar an nguthán póca é cloiseann tú guth binn mná do do threorú. (Ní oireann sé do gach guthán agus do gach gréasán in Éirinn.)

Deirtear nach bhfuil dlí ar riachtanas, agus cuid de riachtanas na Gaeilge is ea na háiseanna is nua. Fáiltimis rompu, mura ligimis do na diabhail sinn a dhalladh.



Lán béil

The Irish diplomatic service offers interesting examples of multilingualism, encompassing (mirabile dictu) fluency in Irish.

Tá misneach le fáil i sampla an Ambasadóira is déanaí a bhronn Éire ar an Astráil, Máirtín Ó Fainín, Gaeilgeoir líofa. Tá a leithéidí eile ann, agus duine acu is ea Seán Ó Riain, taidhleoir a chuidigh leis an nGaeilge a chur á labhairt arís san Eoraip.¹ As Tiobraid Árann do mo dhuine; óna mháthair, Gaeilgeoir, a fuair sé féin agus an chuid eile den chlann an Ghaeilge, agus tharla freisin go raibh suim nádúrtha aige i dteangacha.

Fuair an Rianach céim sa Ghaeilge, sa Fhraincis agus sa Ghearmáinis in Ollscoil na Gaillimhe, agus ba bheag an mhoill air cur isteach ar phost sa Roinn Gnóthaí Eachtracha, rud a chuir ar a chumas na críocha a shiúl. (Frainciseoir as an Eilvéis is ea a bhean chéile.) Thug sé seal san Astráil agus seal níos faide sa Pholainn, áit ar fhoghlaím sé Polainnis, agus ba í an Ghearmáinis teanga a cheirde ina dhiaidh sin aige san Ostair agus sa Ghearmáin. Tríocha bliain ar fad a chaith sé ina thaidhleoir.

Rinne sé féin agus a bhean chéile socrú Eorpach faoina mbeirt iníon: Fraincis acu óna máthair, Gaeilge acu óna n-athair, agus Béarla acu ón scoil. Rinne sin cainteoirí dúchais Gaeilge díobh agus iad in ann í a labhairt go teann in áit ar bith. Measann an Rianach gur maith an rud nach in Éirinn a tógadh iad, áit arbh fhurasta doichead a theacht orthu roimh an teanga.

Tá sé féin an-tugtha don Esperanto, teanga rialta éasca a thugann le fios do dhaoine gur féidir leo teanga eile a fhoghlaim gan dua, go fiú má bhain an Ghaeilge drochshuaitheadh astu. Ba é an Rianach a rinne leagan Gaeilge den téacsleabhar Esperanto is mó díol.

Tá an Rianach i ngreim ag an Eoraip fós. É ag aistriú cáipéisí agus suíomh de chuid an Choimisiúin Eorpaigh go Gaeilge, ag earcú ateangairí agus ag cuidiú leis an teanga a chur chun cinn ar shlite eile. Lámh aige i mbláthú na Gaeilge sa Bhruiséil, áit nach fada ó Lováin. An grúpa a mbaineann sé leo, *Pobal Gaeilge*, tá siad chun iris liteartha a chur amach sa Bhruiséil agus coláiste (Coláiste Schumann) a bhunú a chothódh dúchas na hÉireann ann.

¹ Féach píosa le Robert McMillen ar an *Irish News*, 16/9/08.

An Afganastáin

Troops of many nations, Australia included, are fighting in Afghanistan. An old lesson is being learned again: only the Afghans can, in the end, deal with their country's problems.

Ar 20/9/08 cuireadh in iúl gur mharaigh saighdiúirí Astrálacha Rozi Khan i gCúige Oruzgan san Afganastáin. Níorbh fhear gan iomrá é: gobharnóir cheantar Chora, agus ceannaire áitiúil a sheas an talamh go cróga ar na Taliban. Dúradh gur maraíodh é féin agus a chairde de bharr na haithne contráilte – shíl gach taobh dá raibh páirteach sa chomhrac go raibh na Taliban ag tabhairt amais orthu. Níorbh é sin an chéad bhotún marfach a rinne na comhghuaillithe: is liosta le háireamh anois an líon sibhialtach, idir mhná, pháistí agus fhir, a maraíodh de bharr buamála. Is beag an sólás dá gcairde gaoil go bhfuil na Taliban agus al-Qa'ida féin i bhfad níos míthrócairí agus níos mó daoine maraithe acu.

Sean-nath anois é gur tír í an Afganastáin ar furasta ionradh a dhéanamh uirthi ach nach furasta riail a choinneáil uirthi. Níl d'aontacht le fáil ann ach an creideamh Ioslamach, rud nach leor chun na difríochtaí a shárú – difríochtaí cultúir, teanga agus staire. Paistiúin, Hasaraigh, Éisbéiceastánaigh, Taidisicigh; canúintí den Pheirsis go tréan sa tuaisceart agus an Phaistis faoi réim sa deisceart, agus é ráite fiú gur féidir trácht ar chogadh na gcarad idir Peirseoirí agus Paistiseoirí. Bhí ríthe ann ón 18ú haois amach ar éirigh leo na taoisigh áitiúla a chur faoi smacht, a bheag nó a mhór, agus ina measc bhí fir a raibh de rún acu athchóiriú a dhéanamh ar an tír. Ní raibh doichead ar fhormhór na ndaoine roimh an athchóiriú ann féin, ach ba mhaire don té ar mhian leis na sean-nósanna a scrios scun scan. Sa 20ú haois tháinig polaiteoirí ann ar mhaith leo an Marcasachas mar réiteach agus a thug teicneoirí Sóivéadacha isteach, rud nár chuir deireadh le meath an gheilleagair. Sna seachtóidí tháinig fórsaí Sóivéadacha isteach chun cuidiú leis an rialtas ceannairc a chur faoi chois, ach bhí orthu cúlú sa bhliain 1988. Faoin am sin bhí na taoisigh áitiúla ó smacht ar fad agus iad ciontach as gach cineál de ghníomh uafáis. Ach bhí fórsa nua ann: na *Taliban* (mic léinn Chóranacha).

Paistiúin a d'fhás suas sa Phacastáin ba ea formhór na dTaliban, fir a fuair a gcuid scolaíochta i scoileanna reiligiúnda coimeádacha agus tuiscint an-líeartha acu ar an gCóran dá bharr; ní raibh aithne ar bith acu ar mhná. Ba iad tréithe na dTaliban cráifeacht chéim agus gráin ar nósanna nua (cé nár scorn leo áiseanna nua míleata). Is beag bá a bhí acu le saibhreas an Ioslamachais i gcúrsaí fealsúnachta, ceoil agus filíochta. Sheas siad don aigne dhúr chrua a mhilleadh an Chríostaíocht féin go minic agus atá beo i gcónaí i gcríocha an ainbheasa. Fir dhíograiseacha agus cuspóirí simplí acu: agus níorbh ionadh gur éirigh chomh maith sin leo ar dtús le cúnaimh sheirbhísí rúnda na Pacastáine, dream nár leas leo a ladar a chur sa mhias. Sna réigiúin a bhí faoi smacht na dTaliban bhí síocháin ann: cuireadh deireadh le héigniú agus le creachadh; cuireadh deireadh freisin le ceol, le siamsa agus le saoirse na mban. Ba é an caidreamh a chuir al-Qa'ida ar na Taliban an rud a chuir scéin i Meiriceá agus ina chairde, agus is é ba chúis leis an amas a thug na comhghuaillithe Iartharacha ar mhic léinn Dé, amas a raibh rath air ar dtús agus a bhfuil ag teip anois air.

Tá neart na dTaliban ag brath go mór ar an dídean atá le fáil acu sa Phacastáin, ar an taobh eile de theorainn (an *Durand line*) a buaileadh síos i nóchaidí an 19ú haois, díreach i lár limistéara threibhigh, agus nach dtugann bunadh na háite (ar Paistiúin iad) aird uirthi. Níl smacht ag rialtas ar bith ar an limistéar sin; tá polaitíocht chasta dá chuid féin aige agus tá na hantoisicigh dulta i dtreis i gcuid de. Is geis do mhuintir na háite (agus do mhuintire na tíre i gcoitinne) dlí na féile a bhriseadh, geis ar féidir le strainséirí drochintinneacha féin leas a bhaint aisti agus arb annamh tuiscint ag fórsaí an Iarthair uirthi. Is deacair don intinn neamhchasta mhíleata í féin a chur in oiriúint do lúba saoil eile; is fearr léi a bheith in ann namhaid shoiléir a aithint agus a fhógairt. Is solúbhtha an intinn atá ag seirbhísí rúnda na Pacastáine, drong atá mór leis na Taliban ar mhaithe leo féin agus ar eagla a bhféadfadh tarlú sa Phacastáin dá n-imeadh an donas ar an gcomharsa. Aon dream amháin is ea Taliban na hAfganastáine agus na Pacastáine agus a gcuid comhpháirtithe, go háirithe al-Qa'ida agus Hezbi Islami, grúpa a bhfuil Gulbuddin Hekmatyar (sampla ceart den taoiseach glic lúbach traidisiúnta) ina cheannaire air.

Mura mian leat *An Lúibin* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@bigpond.com nó chun ColinG.Ryan@ato.gov.au.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@bigpond.com or to ColinG.Ryan@ato.gov.au.